Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Feabhra 2024
(OR. en)

6580/24

PI 16

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5056/24 |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gcuirtear síneadh le téarma oifige Leas-Stiúrthóir Feidhmiúcháin Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh<br>- Glacadh |

1. Ceapadh Leas-Stiúrthóir Feidhmiúcháin reatha Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) le Cinneadh ón gComhairle an 26 Meán Fómhair 2019[1] ar feadh téarma 5 bliana agus chuaigh sé i mbun oifige an 1 Samhain 2019.

2. De bhun Airteagal 158(6) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le trádmharc an Aontais Eorpaigh, féadfaidh an Chomhairle, tar éis dul i gcomhairle le Stiúrthóir Feidhmiúcháin EUIPO, síneadh a chur le téarma oifige Leas-Stiúrthóir Feidhmiúcháin EUIPO uair amháin agus ar feadh 5 bliana ar a mhéad, tar éis dul i gcomhairle le Stiúrthóir Feidhmiúcháin EUIPO.

3. I litir uaidh an 21 Nollaig 2023, mhol Bord Bainistíochta EUIPO don Chomhairle síneadh a chur le téarma oifige Andrea DI CARLO mar Leas-Stiúrthóir Feidhmiúcháin EUIPO.

---

[1] IO C 325, 30.9.2019, lch. 1.

4. Scaipeadh an litir sin, lena n-áirítear comhairliúchán le Stiúrthóir Feidhmiúcháin EUIPO, ar na toscaireachtaí an 5 Eanáir 2024[2]. Sa chomhthéacs sin, iarradh ar na toscaireachtaí a chur in iúl, faoin 31 Eanáir 2024, an raibh siad i gcoinne an tsínidh atá beartaithe.

5. Ag an Meitheal um Maoin Intleachtúil an 19 Feabhra 2024, cuireadh na toscaireachtaí ar an eolas nach bhfuarthas aon fhreasúra maidir leis an síneadh atá beartaithe.

6. Dá bhrí sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle an Cinneadh, arna ullmhú ag saineolaithe dlí agus teanga na Comhairle agus atá in 6575/24, a ghlacadh faoi liosta na míreanna ‘A’ ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

---

[2] 5056/24.